Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council

# Prótacal le hAghaidh Déileáil le Gearáin arna nDéanamh i gCoinne Comhaltaí Tofa de Chomhairle Contae Chill Chainnigh



## Beartais & Nósanna Imeachta
## Samhain 2022

# Clár Ábhar

1.0 Réamhrá ........ 2

2.0 Gearáin ........ 2

3.0 Próiseáil an Ghearáin ........ 3

4.0 Gníomhartha ........ 4

4.1 Tuarascáil Imscrúdaithe ........ 4

4.2 Tarchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ........ 5

4.3 Tarchur chuig an nGarda Síochána ........ 6

4.4 Aon Ghníomh eile a Mheastar a bheith Cuí ........ 6

5.0 Tarraingt Siar Gearáin ........ 7

6.0 Achomharc ........ 7

Tá an prótacal seo á scríobh agus aird á tabhairt ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí arna fhoilsiú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ar an Acht Rialtas Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus tagairt shonrach á déanamh do Chreat Eitice Chuid 15 don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.

Níl de rún ag an bprótacal seo ach déileáil le gearáin lena mbaineann sárú ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí. Maidir le gearáin a mheastar a bheith ag teacht faoi bheartais agus nósanna imeachta eile, déileálfar leo de réir na mbeartas agus nósanna imeachta sin, e.g., an Beartas agus Nósanna Imeachta um Dhínit ag an Obair.

# 1.0 Réamhrá

Leagtar amach sa Chód Iompair do Chomhairleoirí prionsabail agus caighdeáin iompair, mheasa, dínite, chomhionannais agus ionracais do Chomhairleoirí i gcomhall a bhfeidhmeanna agus ina gcaidreamh lena chéile, le fostaithe na Comhairle agus leis an bpobal. Tá de rún ag an gcód eolas a thabhairt don phobal faoin iompar a bhfuil sé i dteideal a bheith ag súil leis óna ionadaithe tofa agus seasamh le muinín an phobail as an rialtas áitiúil.

# 2.0 Gearáin

Is féidir go dtiocfaidh ócáid chun cinn ina measann duine nár baineadh amach na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód, agus chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh próiseas i bhfeidhm faoina bhféadfar iompar aon Chomhairleora
a scrúdú nó a imscrúdú agus faoina bhféadfar cinntí a dhéanamh ar ghearáin faoi iompar aon Chomhairleora.

**2.1** Ba cheart gearáin arna gcur isteach faoi iompar Chomhairleoirí Chomhairle Contae Chill Chainnigh a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh
chuig Cláraitheoir Eitice Chomhairle Contae Chill Chainnigh, nó is féidir iad a sheoladh le ríomhphost chuig ethicsregistrar@kilkennycoco.ie

**2.2** Tá foirmeacha gearáin ar fáil ón Údarás Áitiúil agus is féidir iad a sheoladh trí chasadh an phoist nó le ríomhphost ach iad a iarraidh.

**2.3** Ba cheart na mionsonraí seo a leanas a chur ar áireamh i ngearán faoi aon sárú líomhnaithe ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí:

- **a)** Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála an Ghearánaigh.
- **b)** Ainm an Chomhairleora – An duine faoina bhfuil an gearán.
- **c)** Mionsonraí faoin mí-iompar líomhnaithe nó faoin sárú líomhnaithe ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí, lena n-áirítear, nuair is féidir, dátaí, mionsonraí finnéithe agus faisnéis tacaíochta nó ábhartha eile.

**2.4** Más léir ceann ar bith de na nithe seo a leanas ón ngearán, is féidir nach mbreithneofar an líomhain tuilleadh:

- **a)** Ní raibh an Comhairleoir is ábhar don ghearán ina Chomhalta den Údarás Áitiúil i gceist tráth a tharla an sárú líomhnaithe ar an gcód iompair.
- **b)** I gcás go mbeidh an sárú líomhnaithe ar an gcód iompair ina chuid leantach de chás/de shraith imthosca atá á mbreithniú faoi láthair ag an gCláraitheoir Eitice.
- **c)** I gcás gur breithníodh roimhe sin an sárú líomhnaithe ar leith ar an gcód iompair.
- **d)** Taifeadtar gearáin anaithnide ach is gnách nach n-imscrúdaítear iad. Féadfar gearán anaithnid a imscrúdú, áfach, más rud é go mbaineann sé le hábhar lena mbaineann tromchúis nó tábhacht ar leith agus go bhfuil go leor mionsonraí prima facie nó fianaise tacaíochta ann chun an teagmhas a scrúdú/a imscrúdú.
- **e)** I gcás gur mionsárú é an sárú líomhnaithe ar an gcód cleachtais agus nach n-údaraíonn sé imscrúdú.
- **f)** I gcás go mbainfidh an gearán le ní príobháideach/sibhialta.

**2.5** Admhófar laistigh de thréimhse 10 lá ón ngearán a fháil go bhfuarthas é.

**2.6** I gcás nach mbeidh tuilleadh breithnithe á dhéanamh ar ghearán de réir mhír 2.4 thuas, ceadófar don ghearánach achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh gan scrúdú/imscrúdú a dhéanamh, trí fhaisnéis bhreise a thabhairt laistigh de 10 lá ó dháta na litreach ón gCláraitheoir Eitice.

**2.7** Cuirfidh an Cláraitheoir Eitice in iúl don Chomhairleoir ab ábhar don ghearán go bhfuarthas gearán agus faoin gcinneadh ar tháinig an Cláraitheoir Eitice air.

**2.8** Ní mór caitheamh ar mhodh rúin leis an bhfaisnéis ar fad arna fáil le linn an phróisis agus ní mór cloí le ceanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus le ceanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

# 3.0 Próiseáil an Ghearáin

**3.1** I gcás go dtiocfaidh an Cláraitheoir Eitice ar an eolas faoi shárú féideartha ag Comhairleoir ar fhoráil de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, beidh sé de dhualgas air nó uirthi aird Phríomhfheidhmeannach na Comhairle agus Chathaoirleach na Comhairle (nó aird an Phríomhfheidhmeannaigh má bhaineann an ní leis an gCathaoirleach) a tharraingt air. Tá sé faoin bPríomhfheidhmeannach agus faoin gCathaoirleach (nó faoin bPríomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) a bhreithniú cén gníomh ba cheart a dhéanamh de réir na reachtaíochta.

**3.2** Ar an ngearán a scrúdú, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) a chinneadh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil mar rogha eile ar imscrúdú foirmiúil, agus na moltaí/gníomhartha féideartha mionsonraithe i mír 4.4 thíos. I gcásanna den sórt sin, is féidir nach mbeidh aon fhionnachtain ann gur mhainnigh an Comhairleoir an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh.

**3.3** I gcás go ndéanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) an cinneadh gan dul ar aghaidh le himscrúdú, mar atá mionsonraithe i mír 4.0 thíos, cuirfear in iúl don ghearánach go gcuirfear a ghearán nó a gearán i láthair an Chomhairleora is ábhar don ghearán.

**3.4** Mar atá mionsonraithe i mír 3.1 thuas, cuirfidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle in iúl don Chomhairleoir atá i gceist go ndearnadh gearán faoi nó fúithi, agus tabharfaidh siad an deis don Chomhairleoir atá i gceist fianaise nó mionsonraí a thabhairt laistigh de 10 lá chun cabhrú lena sheasamh nó lena seasamh a shuí.

Tá Comhairleoir is ábhar do ghearán i dteideal nósanna imeachta córa. Cuirfear an méid seo a leanas in iúl go foirmiúil i scríbhinn do Chomhalta Tofa ar ina choinne nó ina coinne a rinneadh gearán nó líomhain faoi shárú ar an gCód Cleachtais do Chomhairleoirí:

- Go ndearnadh gearán ina aghaidh nó ina haghaidh.
- Go dtabharfar dó nó di cóip, nó cóip atá curtha in eagar, de réir mar is cuí, den ghearán.
- Nach mbainfidh an Chomhairle aon tátal go dtí go mbeidh na fíorais imscrúdaithe.
- Go mbeifear ag súil go gcabhróidh sé nó sí leis an imscrúdú a mhéid is féidir le réasún.
- Go bhféadfaidh sé nó sí duine a roghnú le bheith i láthair má tá agallamh le cur ar siúl.
- Go bhfuil sé de cheart aige nó aici freagra a thabhairt/ráiteas a dhéanamh i ndáil leis an ngearán, bíodh sé i scríbhinn nó ó bhéal.
- Go dtabharfar aird ar rúndacht an phróisis agus ar a phríobháideacht nó a príobháideacht a mhéid is féidir le réasún.

**3.5** Déanfaidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle breithniú freisin ar cén gníomh ba cheart a dhéanamh.
Is féidir go n-áireofar na nithe seo leis na gníomhartha:

**a)** Nach ndéanfar aon ghníomh breise toisc nár tugadh fianaise á léiriú go ndearnadh aon sárú ar an gCód Iompair nó toisc go meastar, bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur isteach, nárbh fhiú an gearán a imscrúdú.

**b)** Go bhféadfar cur chuige neamhfhoirmiúil a ghlacadh le haghaidh nithe nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna. (Féach mír 4.4)

**c)** Imscrúdú ar an ní. (Féach mír 4.0)

**d)** Tarchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. (Féach mír 4.2)

**e)** Tarchur chuig an nGarda Síochána. (Féach mír 4.3)

**f)** Aon ghníomh eile a mheastar a bheith cuí sna himthosca. (Féach mír 4.4)

# 4.0 Gníomhartha

**4.1 Tuarascáil Imscrúdaithe**

**4.1.1** Déanfaidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle:

**a)** A chur faoi deara go n-ullmhófaí Téarmaí Tagartha le haghaidh 'Tuarascáil Imscrúdaithe' a ullmhú i scríbhinn (roimh ullmhú na Tuarascála Imscrúdaithe).

**b)** A chur faoi deara go seolfaí an tuarascáil sin chuig an gCláraitheoir Eitice agus go gcoimeádfadh sé nó sí í.

**c)** An tuarascáil a thabhairt:

**i)** Don Chomhairleoir (is ábhar don imscrúdú)

**ii)** Don duine a rinne an gearán

**4.1.2** Féadfar breac-chuntas a thabhairt sa tuarascáil faoi mhír 4.1.1 a) ar fhionnachtana an imscrúdaithe agus na cinntí uaidh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

**a)** Cé acu a bhíothas nó nach rabhthas in ann bunús a thabhairt leis an ngearán.

**b)** Cé acu a rinne nó nach ndearna an Comhairleoir lena mbaineann sárú ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí agus cé acu atá nó nach bhfuil an sárú ag leanúint ar aghaidh.

**c)** I gcásanna ina n-aimsítear sa tuarascáil nach ndearna an Comhairleoir lena mbaineann sárú ar an gCód Iompair, cé acu atá nó nach bhfuil an duine nó na daoine a dtarchuirtear an tuarascáil chuige nó chuici nó chucu den tuairim go raibh an gearán suaibhreosach nó cráiteach nó nach raibh aon fhorais réasúnacha ann leis.

**d)** I gcásanna ina n-aimsítear sa tuarascáil go bhfuil an sárú ag leanúint ar aghaidh, na bearta atá le déanamh ag an gComhairleoir chun comhlíonadh an Chóid Iompair do Chomhairleoirí a áirithiú agus an tréimhse ama ar cheart bearta a dhéanamh laistigh di chun comhlíonadh a chinntiú.

**e)** Cé acu a rinneadh an sárú go neamhthoiliúil/gan chuimhneamh, go faillíoch, go meargánta nó go hintinneach.

**f)** Cé acu ba ní tromchúiseach nó ba ní fánach é an sárú, ag féachaint do na himthosca uile.

**g)** Cé acu a ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an Comhairleoir de mheon macánta agus é nó í den tuairim go raibh a ghníomh nó a gníomh de réir an Chóid Iompair do Chomhairleoirí.

**h)** I gcásanna nach féidir cinneadh a dhéanamh, na cúiseanna ar mainníodh teacht ar chinneadh.

## 4.2 Tarchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

**4.2.1** Más rud é go bhfuil Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle, mar atá mionsonraithe i mír 3.1 thuas, tar éis gach modh áitiúil in imscrúdú a ídiú agus go bhfuil siad den tuairim gur cheart an ní a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, déanfaidh siad:

Tuarascáil i scríbhinn i ndáil leis an ní a ullmhú agus an tuarascáil sin, i dteannta aon doiciméid ábhartha nó aon ní eile atá ina seilbh, a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

*Nóta: Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maoirseacht ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ar an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Creat Eitice Chuid 15 don tSeirbhís Rialtais Áitiúil) agus ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.*

**4.2.2** Maidir le tuarascáil arna hullmhú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí:

**a)** tabharfar í do Leas-Chathaoirleach an Údaráis Áitiúil agus dá Phríomhfheidhmeannach i gcás go mbainfidh sí le Cathaoirleach an Údaráis.

**b)** tabharfar í do Chathaoirleach an Údaráis Áitiúil agus dá Phríomhfheidhmeannach i gcás go mbainfidh sí le haon Chomhairleoir eile den Údarás.

**4.2.3** I gcás go dtabharfar Tuarascáil Imscrúdaithe de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí d'Údarás Áitiúil, breithneoidh an Chomhairle Thofa í.

## 4.3 Tarchur chuig an nGarda Síochána

Más rud é go bhfuil Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle den tuairim, bíodh sé le linn an imscrúdaithe nó tar éis an imscrúdaithe, go bhfuil aige nó aici faisnéis arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cabhair ábhartha maidir le cosc a chur ar aon duine eile cion iomchuí a dhéanamh nó maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile i leith ní iomchuí a áirithiú, ba cheart dó nó di an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh. Ar an mbonn sin, féadfaidh siad tuarascáil i scríbhinn a ullmhú i ndáil leis an ní agus í a thabhairt, i dteannta aon doiciméid ábhartha nó aon ní eile ina seilbh, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó do chomhlacht eile a bhfuil an chumhacht reachtúil agus an fheidhm aige imscrúdú a dhéanamh ar nithe i leith.

Cuirfear an Tuarascáil Imscrúdaithe atá mionsonraithe i mír 4.1 thuas ar sos agus ní thabharfar chun críche í go dtí go mbeidh an t-imscrúdú reachtúil ábhartha curtha i gcrích ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó ag aon chomhlacht eile.

## 4.4 Aon Ghníomh eile a Mheastar a bheith Cuí

Féadfaidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle a

dtarchuirtear an gearán chuige nó chuici, mar atá mionsonraithe i mír 3.1, cinneadh a dhéanamh ar aon ghníomh eile a mheastar a bheith cuí mar rogha eile ar imscrúdú nó féachaint leis an ngearán a réiteach go neamhfhoirmiúil. I gcásanna den sórt sin, is féidir nach mbeidh aon fhionnachtain ann gur mhainnigh an Comhairleoir an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh.

Áirítear na nithe seo leis na gníomhartha a d'fhéadfaí a bhreithniú:

**a)** Moladh go ndéanfadh an Comhairleoir lena mbaineann oiliúint a ghabháil de láimh.

**b)** Moladh go nglacfadh an Comhairleoir lena mbaineann agus an gearánach páirt i bpróiseas idir-réitigh/idirghabhála.

**c)** Athruithe a thionscnamh ar nósanna imeachta na Comhairle má bhí siad mar chúis leis an ngearán.

**d)** Scríobh chuig an gComhairleoir lena mbaineann chun forálacha an Chóid Iompair do Chomhairleoirí a chur i gcuimhne dó nó di.

**e)** Scríobh chuig an gComhairleoir lena mbaineann chun a mholadh go ndéanfadh sé nó sí leithscéal leis an ngearánach.

**f)** Scríobh chuig an gComhalta is ábhar chun na ceanglais faoi Chreat Eitice Chuid 15 don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i gcuimhne dó nó di.

## 5.0 Tarraingt Siar Gearáin

I gcás gur mian le gearánach a ghearán nó a gearán a tharraingt siar tar éis imscrúdú a bheith tosaithe, féadfaidh an duine nó na daoine a dtarchuirtear an gearán chuige nó chuici nó chucu, mar atá mionsonraithe i mír 3.1, a chinneadh cé acu a dheonóidh sé nó sí nó siad an iarraidh nó nach ndeonóidh. Breithneoidh an duine nó na daoine a dtarchuirtear an gearán chuige nó chuici nó chucu na nithe seo a leanas:

**a)** Cé acu is mó nó nach mó leas an phobail sa ghníomh a dhéanamh ná an fonn ar an ngearánach é a tharraingt siar.

**b)** Cé acu is féidir nó nach féidir gníomhaíocht a dhéanamh gan rannpháirtíocht an ghearánaigh.

Nóta: Forchoimeádann an gearánach agus an Comhairleoir is ábhar don ghearán an ceart chun an gearán a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ag am ar bith.

## 6.0 Achomharc

Mura bhfuil gearánach sásta leis an toradh ar an mbreithniú a bheidh déanta ar an ní ag an duine nó na daoine a dtarchuirtear an gearán chuige nó chuici nó chucu, mar atá mionsonraithe i mír 3.1 thuas, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh chuig an seoladh seo:

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí,**
**6 Ardán Phort an Iarla,**
**Toghroinn Chaoimhín,**
**Baile Átha Cliath 2,**
**D02 W773.**